2026/1803

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1803 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola san Ungáir agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha an bhainne agus na muiceola sa tSlóvaic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 220(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhthéacs ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic in earrach 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 ón gCoimisiún ([2]) lena ndéantar foráil maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola san Ungáir agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 ón gCoimisiún ([3]) lena ndéantar foráil maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha an bhainne agus na muiceola sa tSlóvaic.

(2) Tar éis toghcháin pharlaiminteacha a reáchtáladh san Ungáir an 12 Aibreán 2026 agus an aistrithe rialtais ina dhiaidh sin, cuireadh moill ar ghlacadh beart reachtach is gá chun na critéir incháilitheachta faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 a chomhlíonadh. I bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá údar maith le síneadh ama a bhfuil teorainn leis ar an dáta incháilitheachta a dheonú don Ungáir go dtí an 30 Meán Fómhair 2026. Leis sin, beifear in ann na céimeanna riaracháin atá fós le déanamh a thabhairt chun críche gan leasanna airgeadais an Aontais a chur i mbaol, agus áiritheofar an tráth céanna go leanfaidh an Ungáir de bheith cuntasach as dul chun cinn tapa maidir leis na bearta reachtacha a ghlacadh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 socraítear an 31 Deireadh Fómhair 2026 mar an dáta ar roimhe sin atá caiteachas a d'iompar an tSlóvaic le híoc chun bheith incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas. Ní féidir a rialú go gcloífear le dáta incháilitheachta an 31 Deireadh Fómhair toisc go bhfuil caiteachas a dhéantar idir an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair le háireamh mar chaiteachas a rinneadh i mí na Samhna i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus toisc go bhfuil sé le dearbhú mar mhéid comhiomlánaithe i ndearbhú na míosa sin. Chun fíorú éifeachtach an chaiteachais a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2116, is iomchuí an dáta incháilitheachta le haghaidh páirtmhaoiniú ón Aontas a athrú go dtí an 30 Samhain 2026.

(4) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht le bearta comhchosúla roimhe seo, i gcás ina gcomhfhreagraíonn na rátaí comhréidhe a léirítear do chuid chómhaoinithe an Aontais, i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála agus ramhraithe ainmhithe a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 agus in Airteagal 3(1), pointí (b), (c) agus (d), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100, ba cheart na rátaí comhréidhe a choigeartú chun cuid chómhaoinithe an Aontais, is é sin 60 % den chaiteachas iomlán, a mheaitseáil.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 ón gCoimisiún an 10 Márta 2026 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola san Ungáir (IO L, 2026/530, 11.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/530/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2026 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola sa tSlóvaic (IO L, 2026/1100, 22.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1100/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/530 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) más rud é go mbeidh sé íoctha ag an Ungáir leis na tairbhithe faoin 30 Meán Fómhair 2026; agus';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. An caiteachas a íocfaidh an Ungáir tar éis an 30 Meán Fómhair 2026, ní bheidh aon chuid de incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, gan beann ar an gcion den chaiteachas atá i gceist leis.';

(2) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála agus ramhraithe muc de dheasca srianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag an ráta comhréidh EUR 0,708 in aghaidh na muice in aghaidh an lae suas le 28 441 ainmhí ar a mhéad;'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1100 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) más rud é go mbeidh sé íoctha ag an tSlóvaic leis na tairbhithe faoin 30 Samhain 2026; agus';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. An caiteachas a íocfaidh an tSlóvaic tar éis an 30 Samhain 2026, ní bheidh aon chuid de incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas, gan beann ar an gcion den chaiteachas atá i gceist leis.';

(2) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):

'(b) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála agus ramhraithe muc de dheasca srianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, ráta comhréidh EUR 0,786 ann in aghaidh na muice in aghaidh an lae suas le 76 673 ainmhí ar a mhéad;

(c) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála banbh de dheasca srianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, ráta comhréidh EUR 0,48 in aghaidh an bhainbh in aghaidh an lae suas le 79 198 n-ainmhí ar a mhéad;

(d) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála cránacha de dheasca srianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe: EUR 2,016 in aghaidh na cránach in aghaidh an lae suas le 1 025 ainmhí ar a mhéad le haghaidh na tréimhse idir an 21 Márta 2025 agus an 30 Márta 2025 agus EUR 2,508 in aghaidh na cránach in aghaidh an lae suas le 1 593 ainmhí ar a mhéad le haghaidh na tréimhse idir an 31 Márta 2025 agus an 20 Bealtaine 2025.'.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN